Nuachtlitir- Deireadh Fómhair/Samhain

ACHOMHARC BOSCA BRÓG

Gach blian, ullmhaíonn na páistí boscaí bróg chun a tabhairt mar bronntanais Nollag do pháistí faoi mí bhuntáiste timpeall an domhain. I mbliana, tá go leor rudaí deasa i ngach bosca mar shampla eadaí, breagáin agus milseáin ag dul go dtí na páisití thar sáile. Is tionscnamh iontach é agus beidh an-sceitimíní ar na páistí nuair a gheobhaidh siad na bronntanais. Go raibh míle maith agaibh do na tuismitheoirí a chabhraíonn leis an tionscnamh freisin.

MIN1 7S

Ghlac na foireann camogie, iománaíocht, peil buachaillí agus cailíni páirt i gcomrtais mini 7s i rith an mí. D'imir siad go hiontach. Bhuaigh siad a lan cluichí agus níos tabhachtaí, bhain siad an-taitneamh as na gcluichí. Bhí mí-ádh ar fhoireann peile na mbuachaillí i gcluiche ceannais na 'Garda 7s' sa Ghort. Beidh na foirne ag súil go mór leis an Chumann na mBunscoil níos déanaí sa scoilbhliain.

COMÓRTAS TT ROCKSTARS

Sa halla, i rith Seachtain na mata, bhí rang a ceathair go dtí rang a sé ag imirt i gcoinne a chéile ar na iPads ar an gcluiche Times Tables Rock Stars. Bhí aitmaisféir iontach sa halla agus bhí roinnt paistí ag imirt "Air Guitar" freisin. Bhuaigh rang Ms. McGrath an clucihe ceannais in aghaidh rang Mr.Caulfield. Bhí an scór 93- 92. Comhgairdeachas rang Ms McGrath.

LÁ LE SEANTUISMITHEORÍ

Bhí la álainn againn i rith an mí, lá le seantuismitheoirí. Thug na seantuismitheoirí ó na ranganna naíonán cuairt go dtí an scoil. Ba aoibhinn leis na naíonáin a seantuismitheoirí a fheiceáil ar scoil. Go raibh míle maith agaibh don cumann tuismitheoirí as ucht an ócáid a ullmhú.

CEOLCHOIRM SEAMOUNT

Chuaigh rang a trí go rang a sé go dtí an ceolchoirm Seamount ‘The Wiz’. Bhí sé ar fheabhas ar fad, lán le drámaiocht, ceol agus spraoi.

SEACHTAIN NA HEOLAÍOCHTA

Bhí seachtain na hEolaíochta againn i rith an mí. Bhain na páistí an-taitneamh as a bheith ag déanamh turgnaimh sna ranganna timpeall na scoile. Thug páistí ó rang a haon cuairt don rang a cúig chun cabhrú a thabhairt dóibh leis na turgnaimh. Bhí an-sceitimíní orthu as ucht bheith ag obair le rang a cúig.

DÚSHLÁN LÉIG LEGO

Tá daltaí ó rang a cúig agus rang a sé ag glacadh páirte i ndushlán léig lego. Tá an tionscnamh seo bunaithe ar thogáil lego agus ag chodú. Beidh na páistí ag obair le chéile chun róbait a thógáil agus a chodú.

FRASA NA MÍOSA

NÍL AON TINTEÁN MAR DO THINTEÁN FÉIN